2023.M57T

2023L033A1IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gnó

## Roinn 1 agus Freagarleabhar

## Ardleibhéal

## Déardaoin 15 Meitheamh    Maidin 9:30 - 12:30

400 marc

**Scrúduimhir**

**Lá agus Mí do Bhreithe** Scríobh 3 Feabhra mar 0302, mar shampla

**Stampa an Ionaid**

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

**Treoracha**

Scríobh do Scrúduimhir agus Lá agus Mí do Bhreithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí ar gach cuid den scrúdú sa Fhreagarleabhar seo. Déanfar an Freagarleabhar seo a scanadh agus is ar scáileán a chuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora. Mar sin, is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de bhoscaí na bhfreagraí.

**Scríobh do chuid freagraí le peann gorm nó le peann dubh**. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid, ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Tá trí roinn sa scrúdú seo. Tugtar ceisteanna **Roinn 2** agus **Roinn 3** ar cheistpháipéar ar leithligh ach ní mór duit do chuid freagraí a scríobh sa Fhreagarleabhar seo.

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**(A)** **Ocht** gceist as **Roinn 1 agus**

**(B)** **An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 agus**

**(C)** **Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **amháin** as **Cuid 1**

Ceist **amháin** as **Cuid 2**

agus **dhá** cheist ar bith eile.

**Tá gach ceist sa roinn seo ar cómharc.**

**Déanamh agus Múnla an áireamháin a úsáideadh:**

| **Roinn 1** | **Ceisteanna Gearrfhreagra** | **80 marc** |
|---|---|---|

**Ní mór an roinn seo a fhreagairt. Freagair ocht gceist. Tá 10 marc ag gabháil le gach ceist.**
Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**.

**1.** **(a)** Is gnólacht dúchasach de chuid na hÉireann é an sreangshiopa miondíola spóirt InterSport Elverys. Mínigh an téarma gnólacht dúchasach.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** dhúshlán a d'fhéadfadh a bheith roimh ghnólacht dúchasach in Éirinn.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |
| |

**2.** I gcomhthéacs gnó, cad dó a seasann na litreacha seo thíos? (Tá na litreacha Béarla tugtha idir lúibíní.) Scríobh gach freagra sa spás atá ar fáil dó.

| | |
|---|---|
| **BLC (*TQM*)** | |
| **GBMÉ (*ISME*)** | |
| **DIA (*JIT*)** | |
| **ILS (*EDI*)** | |
| **TAI (*ROI*)** | |

**3.** **(a)** Mínigh an téarma easpórtálacha dofheicthe, agus bíodh sampla agat i do fhreagra.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Úsáid na sonraí thíos agus ríomh iad seo a leanas:

**(i)** Comhardú na Trádála **(ii)** Comhardú na nÍocaíochtaí.

Luaigh i ngach cás cé acu barrachas nó easnamh é.

| | | |
|---|---|---|
| Easpórtálacha Sofheicthe €70bn<br>Iompórtálacha Dofheicthe €40bn<br>Iomlán na nEaspórtálacha €100bn<br>Iomlán na nIompórtálacha €90bn | **Do chuid oibre:** Comhardú na Trádála:<br><br>**Do chuid oibre:** Comhardú na nÍocaíochtaí: | |
| | Freagra | Barrachas nó Easnamh |
| Comhardú na Trádála | € | |
| Comhardú na nÍocaíochtaí | € | |

**4.** Is liosta d'Institiúidí Eorpacha atá **i gColún 1**.

Is liosta míniúchán a d'fhéadfadh a bheith orthu atá i **gColún 2**.

(*Tá míniúchán amháin ann nach dtagraíonn d'aon cheann acu sin.*)

| **Colún 1: Institiúidí** | | **Colún 2: Míniúcháin** | |
|---|---|---|---|
| **1** | Banc Ceannais na hEorpa | **A** | Arna toghadh go díreach ag saoránaigh gach ballstáit de chuid an Aontas Eorpach (AE). |
| **2** | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa | **B** | Cinneann maidir le díospóidí idir bhallstáit, institiúidí an AE, ghnólachtaí agus daoine aonair. |
| **3** | Parlaimint na hEorpa | **C** | Comhlacht cinnteoireachta ríthábhachtach san AE, cruinnithe aici ar a bhfreastalaíonn airí ábhartha as gach ballstát. |
| **4** | Comhairle an Aontais Eorpaigh | **D** | Déanann bainistiú ar airgeadra an euro agus ar pholasaí airgeadais an AE. |
| **5** | An Coimisiún Eorpach | **E** | Déanann iniúchóireacht ar bhuiséid an AE agus tugann tuairisc ar airgeadas an AE. |
| | | **F** | Freagrach as bainistíocht an AE ó lá go lá agus molann glíthe nua an AE. |

Meaitseáil an dá liosta. Cuir an litir a bhaineann leis an míniúchán ceart faoin uimhir ábhartha thíos.

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

**5.** **(a)** Dréachtaigh agus lipéadaigh struchtúr feidhmiúil eagrúcháin le haghaidh gnólacht meánmhéide.

**(b)** Tabhair breac-chuntas ar iarmhairt **amháin** a bhaineann leis an gcineál seo struchtúir eagrúcháin a roghnú.

**6.** Déan idirdhealú idir praghsáil fódaithe **agus** scimeáil praghsanna.

**7.** Leanann saincheisteanna leachtachta de bheith ina gcúis imní do go leor gnólachtaí beaga.

**(a)** Mínigh an téarma leachtacht.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Tógadh na figiúirí thíos ó shiopa nuachtán Uí Chathmhaoil.

Ríomh an Cóimheas Fíorthástála le haghaidh shiopa Uí Chathmhaoil.

| | **€** |
|---|---|
| Stoc Deiridh | 14,000 |
| Sócmhainní Reatha | 93,200 |
| Dliteanais Reatha | 72,000 |

| | |
|---|---|
| **Foirmle** | |
| **Do chuid oibre** | |
| **Freagra** | |

**8.** **(a)** Mínigh an téarma íosphá náisiúnta.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |

**(b)** Cuir síos ar shlí **amháin** a bhféadfadh ardú ar an íosphá náisiúnta dul i bhfeidhm ar ghnólachtaí na hÉireann.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |

**9.** Scríobh **FÍOR** nó **BRÉAGACH** i ndiaidh gach ceann de na ráitis seo a leanas.

| | | **Fíor/Bréagach** |
|---|---|---|
| **1.** | Sampla is ea Aviva Stadium de chuideachta a úsáideann modh Caidrimh Phoiblí ar a dtugtar Tacaíocht Ceiliúráin. | |
| **2.** | Is sampla é burgair ríse agus burgair teriyaki á ndíol ag McDonalds sa tSeapáin den ghá le gné an Táirge Dhomhanda den chumasc margaíochta a chur in oiriúint. | |
| **3.** | Iarmhairt amháin ar aistriú ó jabtháirgeadh go baisctháirgeadh is ea an baol go bhféadfadh an gnólacht a Ghné Uathúil Dhíolacháin a chailliúint. | |
| **4.** | Is cáin ar na brabúis a rinneadh ar dhíol sócmhainní í Cáin Fáltas Caipitiúil. | |
| **5.** | Is é atá i gComhartha Q ná caighdeán cáilíochta a bhronnann Feabhas Éireann. | |

**10.** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thréith/scil a shamhlaítear le fiontraithe.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |
| |

**11.** Gearrann an Coimisiún um Chosaint Sonraí fíneáil €5.5m breise ar WhatsApp de bharr Sárú RGCS (*GDPR*)

Arna chur in oiriúint ó businessplus.ie

Mínigh **dhá** cheart de chuid an duine is ábhar do na sonraí faoin dlí um chosaint sonraí.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |
| |

**12.** **(a)** Idirdhealaigh idir **dhá** chineál cruinnithe atá coitianta i ngnólacht.

| |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |


**(b)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** thairbhe a bhaineann le cruinnithe mar mhodh cumarsáide.

| |
|---|
| **(i)** |
| |
| |
| |
| **(ii)** |
| |
| |
| |

## Freagarleabhar do Roinn 2

### Treoracha

Tá Ceisteanna **Roinn 2** i gceistpháipéar ar leithligh.
Tosaigh gach ceist ar leathanach nua. Scríobh uimhir na ceiste sa bhosca ar bharr gach leathanaigh. Úsáid an colún ar chlé chun gach páirt a lipéadú, mar a thaispeántar thíos.




Tá dhá leathanach de ghrafpháipéar curtha ar fáil i gcúl an Fhreagarleabhair seo. Ar leathanaigh an ghrafpháipéir, is i mbun an leathanaigh atá an bosca le haghaidh uimhir na ceiste.

Ní gá duit na leathanaigh go léir a úsáid sa Fhreagarleabhar seo. Má bhíonn easpa spáis ort sa Fhreagarleabhar seo, is ceadmhach duit breis páipéir nó grafpháipéir a lorg ón bhfeitheoir.

Scríobh do chuid freagraí le peann i ndúch gorm nó dubh. Ní ceadmhach peann luaidhe a úsáid ach amháin i gcomhair sceitsí, graf agus léaráidí.

Ceist

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Cuid

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ceist

Tosaigh gach ceist ar leathanach nua

Cuid

Ná scríobh ar an leathanach seo

**Fógra cóipchirt**
D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críche an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir Alt 53(5) den *Acht um Chóipcheart agus Cearta Gaolmhara, 2000*. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche dá bhfuil sé beartaithe. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh ná as úsáid neamhúdaraithe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Ardleibhéal

# Gnó Roinn 1 agus Freagarleabhar

Déardaoin 15 Meitheamh

Maidin 9:30 - 12:30

2023.M57T

2023L033A2IL

Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# Scrúdú na hArdteistiméireachta, 2023

# Gnó – Ardleibhéal

## Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin 15 Meitheamh Maidin 9:30 - 12:30

**Ní mór d'iarrthóirí na ceisteanna seo a fhreagairt:**

**An Cheist ar an nGnó Feidhmeach i Roinn 2 AGUS**

**Ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

- Ceist **Amháin** as **Cuid 1**
- Ceist **Amháin** as **Cuid 2**
- Agus **Dhá** cheist ar bith eile.

**Tá gach ceist i Roinn 3 ar cómharc**.

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais.
Ní chuirfear ar ais chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é.

Rinneadh coigeartuithe ar scrúdpháipéir 2023 d'fhonn aon chur isteach ar an bhfoghlaim a tharla de bharr COVID-19 a chúiteamh. D'fhéadfadh sé nach bhfuil an struchtúr agus an leagan amach céanna ar an scrúdpháipéar seo is a bhí ar scrúdpháipéir i mblianta eile roimhe nó ina dhiaidh seo.

| Roinn 2 | Ceist ar an nGnó Feidhmeach | 80 marc |
|---|---|---|

**Ceist éigeantach í seo a bhfuil 80 marc ag gabháil léi agus í bunaithe ar na hAonaid 5, 6 agus 7.**

Scríobh do fhreagra sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

## Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich



Bhunaigh Eibhlín Ní Chruadhlaoich Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich Teo. in 2013. Chruinnigh Eibhlín an caipiteal leis an ngnólacht a thosú trína coigilteas a infheistiú agus fuair sí deontas óna hoifig fiontar áitiúil. Mhéadaigh ar an éileamh ar thithe nua de réir mar a tháinig geilleagar na hÉireann chuige féin i ndiaidh tréimhse de dheacracht eacnamaíochta. D'fhorbair Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich Teo. plean gnó inar cuireadh chun cinn a straitéis chun oibríochtaí a fhás in Éirinn agus thar lear araon. D'éirigh leis an iarratas a rinne siad ar Fhiontraíocht Éireann le haghaidh tacaíocht dá leathnú pleanáilte. Chruinnigh an chuideachta €3 mhilliún ó scairchaipiteal a eisiúint. Fuarthas infheistíocht bhreise €2 mhilliún i bhfoirm bintiúir 10 mbliana. Bhain siad leas as rátaí ísle úis agus fuair faomhadh ar iasacht téarma 20 bliain le leathnú isteach san Eoraip agus san Áise a mhaoiniú.

An cinneadh le dul isteach i margaí nua, laghdaigh sin a spleáchas ar an margadh Éireannach. Bhí ar Thógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich Teo. dul in oiriúint don reachtaíocht athraitheach i dtíortha eile. Cuireadh moill ar chuid mhaith tionscadal de bharr míthuiscintí agus bacainní teanga. Bhí siad ag streachailt le bheith in iomaíocht le gnólachtaí áitiúla i margaí idirnáisiúnta. De réir mar a d'fheabhsaigh córais bhainistíochta, áfach, thosaigh an chuideachta ag gnóthú sciar den mhargadh i roinnt tíortha. Ansin d'éirigh leo i gcás tairiscintí a chuir siad isteach ar chonarthaí de chuid rialtas na hÉireann agus ar a leithéid chéanna de chonarthaí san Eoraip. Bhí fás láidir eacnamaíochta faoin ngeilleagar domhanda. Dá thoradh sin, mhéadaigh ar an mbrabús go sciobtha. Bhain an gnólacht tairbhe as barainneacht scála agus bhí a gcúlchistí airgid rathúil.

Le déanaí thosaigh rátaí úis ag méadú ar fud an domhain. Chruthaigh fadhbanna i slabhra an tsoláthair moilleanna, agus d'fhág an boilsciú go bhfuil méadú mór tagtha ar phraghas amhábhar. Tá na costais fuinnimh i bhfad níos mó ná mar a bhí buiséadaithe agus tá luaineacht sna rátaí malairte ag cur leis an éiginnteacht. Thosaigh an fás eacnamaíochta ag moilliú, rud atá ina chúis imní. Chonaic Eibhlín an brabús ag laghdú agus tá sí neirbhíseach faoin todhchaí eacnamaíochta. Tá sí ag smaoineamh ar chomhdhlúthú agus d'fhéadfadh cailliúint jabanna a bheith ann mar thoradh air sin.

**(A)** Mínigh na foinsí éagsúla airgeadais fadtéarma a úsáideann Tógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich Teo. (20)

**(B)** Déan cur síos ar na tairbhí **agus** ar na dúshláin do Thógálaithe Tithe Uí Chruadhlaoich as dul isteach sna margaí idirnáisiúnta. (30)

**(C)** Pléigh an tionchar a bhíonn ag athróga eacnamaíochta ar ghnólacht. Déan tagairt don téacs i do fhreagra. (30)

## Roinn 3 — 240 marc

Scríobh do chuid freagraí sa Fhreagarleabhar ina bhfuil **Roinn 1**

Freagair **ceithre** cheist as **Roinn 3** mar seo a leanas:

Ceist **Amháin** as **Cuid 1**

Ceist **Amháin** as **Cuid 2**

agus **Dhá** cheist ar bith eile.

**Tá 60 marc ag gabháil le gach ceist.**

## Cuid 1
## Daoine sa Ghnó / Timpeallacht Ghnó

**Ceist 1** — **Daoine sa Ghnó**

**(A)** Déan cur síos ar shampla **amháin** de chaidreamh comhoibritheach agus ar shampla **amháin** ar chaidreamh iomaloch a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na páirtithe leasmhara seo a leanas:

**(i)** Fostóir agus fostaí

**(ii)** Infheisteoir agus bainisteoir i ngnólacht (20)

> D'fheabhsaigh an Treoir um Chearta Tomhaltóirí agus rialacháin an AE cearta tomhaltóirí in Éirinn nuair a shoiléirigh rialacháin an AE 'Do cheart um chealú'.
>
> Curtha in oiriúint ó commission.europa.eu

**(B)** **(i)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoráil de chuid an Achta um Dhíol Earraí agus Soláthar Seirbhísí, 1980 maidir le cearta reachtúla tomhaltóra.

**(ii)** Mínigh an 'ceart um chealú' (tréimhse mharana) i gcás tomhaltóirí in Éirinn. (20)

**(C)** Léirigh do thuiscint ar na gnéithe riachtanacha a leanas de chonradh bailí.

Comaoin    Dlíthiúlacht Foirme    Rún Conraithe (20)

| **Ceist 2** | **An Timpeallacht Intíre** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

> Críochnaíonn an Stát díol síos a bhuin i mBanc na hÉireann.
>
> Curtha in oiriúint ó rte.ie

**(A)** **(i)** Idirdhealaigh idir náisiúnú **agus** príobháidiú. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra**.**

**(ii)** Cuir síos ar thairbhe **amháin** agus ar dhúshlán **amháin** a bhaineann le príobháidiú. (20)

**(B)** Tabhair breac-chuntas ar an bhfáth a ndéanfadh gnólacht a struchtúr úinéireachta a athrú le himeacht aimsire. Tabhair samplaí chun tacú le do fhreagra**.** (20)

> Le linn na paindéime, d'éirigh daoine níos tuisceanaí faoin tslí a dtéann a gcuid siopadóireachta i gcion ar an timpeallacht. Tá cuideachtaí ag freagairt do theacht chun cinn an tomhaltóra éiceabhách.
>
> Curtha in oiriúint ó strategy+business

**(C)** Pléigh saintréithe gnólachta atá freagrach ó thaobh na timpeallachta de. (20)

**Ceist 3** **An Timpeallacht Idirnáisiúnta**

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

AE 50 Éire

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar an tábhacht d'Éirinn a bhaineann le ballraíocht san Aontas Eorpach (AE). (20)

**(B)** Déan measúnú ar an ról atá ag grúpaí sainleasa san Aontas Eorpach (AE).
Úsáid sampla chun tacú le do fhreagra. (15)

**(C)** Pléigh na slite dearfacha **agus** na slite diúltacha a théann cuideachtaí ilnáisiúnta (MNCanna) i bhfeidhm ar Éirinn. Úsáid samplaí chun tacú le do fhreagra. (25)

| **Ceist 4** | **Daoine sa Ghnó** |
|---|---|

Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

> Deir an Taoiseach go bhfuil an tairiscint pá 6.5% don earnáil phoiblí cothrom.
>
> Curtha in oiriúint ó rte.ie

**(A)** **(i)** Mínigh an téarma cómhargáil.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **thrí** fhoráil den Acht Caidrimh Thionscail, 1990. (20)

**(B)** Faoi théarmaí na nAchtanna um Dhífhostú Éagórach, 1997 go 2021, mínigh na forais dífhostaithe a meastar a bheith **cóir**. (20)

WRC

An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

**(C)** Pléigh na seirbhísí a chuireann an Coimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre ar fáil. (20)

## Cuid 2
## Fiontraíocht

**Ceist 5** **Fiontraíocht/Bainistíocht**

Is cainteoir ar cheannaireacht agus inspreagadh é Jim Gavin, Stiúrthóir Daoine agus Oibríochtaí le hÚdarás Eitlíochta na hÉireann. Tagraíonn sé do theoiricithe inspreagtha amhail Douglas McGregor agus Abraham Maslow.



**(A)** Tabhair breac-chuntas, agus sampla agat, ar conas a d'fhéadfadh bainisteoir gnólachta gach leibhéal d'Ordlathas Riachtanas Maslow a úsáid chun an fhoireann a inspreagadh**.**

(25)

**(B)** Mínigh **trí** impleacht do bhainisteoir as cur chuige Teoiric Y do bhainistiú a fheidhmiú. (15)

**(C)** **(i)** Déan idirdhealú idir fiontraíocht agus bainistíocht.

**(ii)** Pléigh **dhá** thairbhe a bhaineann le pleanáil mar ghníomhaíocht bainistíochta.

(20)

| **Ceist 6** | **Bainistíocht** |
|---|---|

De bharr méaduithe móra ar bhillí fóntas, d'fhéadfadh sé go mbeidh ar úinéirí gnólachtaí a bpréimheanna árachais a chur ar ceal nó tearc-árachas a fháil i leith a rioscaí.

**(A)** **(i)** Mínigh impleacht **amháin** a bhaineann le tearc-árachas.

**(ii)** Pléigh **dhá** chineál árachais ghnó a mholfá gur chóir a bheith ag gnólacht óstán. (15)

Lorgóidh fostaithe nua coinníollacha solúbtha oibre
mura gcomhlíontar éilimh phá.

Arna chur in oiriúint ón Irish Examiner

**(B)** **(i)** Mínigh an téarma coinníollacha solúbtha oibre.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar na cineálacha luacha saothair airgeadais **agus** neamh-airgeadais a úsáideann gnólachtaí chun fostaithe a mhealladh (20)

In 2022, thug cuideachtaí earcaíochta faoi deara gur oiriúnaíodh réamhaisnéisí Acmhainní Daonna le linn don gheilleagar a bheith ag streachailt le géarchéim an chostais mhaireachtála.

**(C)** Mínigh na téarmaí a leanas i gcomhthéacs bainistíocht acmhainní daonna:

- Sainchuntas Poist agus Sonraíocht faoin bPearsa.
- Earcaíocht Inmheánach agus Sheachtrach.
- Agallamh agus Roghnúchán. (25)

| Ceist 7 | Bainistíocht / Gnó i nGníomh |
|---|---|

| | |
|---|---|
| **Centre Parcs**<br>Is é atá ar fáil in Centre Parcs an Longfoirt, 400 acra d'fhoraois álainn, linn snámha, raon bialann, gníomhaíochtaí agus cineálacha éagsúla lóistín. |  |

**(A)** Tabhair breac-chuntas ar na foinsí inmheánacha **agus** ar na foinsí seachtracha smaointe do tháirgí/sheirbhísí nua do ghnólachtaí mar Centre Parcs. (20)

**(B)** Léigh an t-eolas a thugtar agus freagair na ceisteanna a leanann é.

Tá Tomás ina bhainisteoir le Centre Parcs Éireann agus tuilleann sé tuarastal bliantúil comhlán de €85,000. Soláthraíonn a fhostóir carr cuideachta dó a bhfuil luach €25,000 air. Caitear leis sin mar ioncam ar mhaithe le cuspóirí cánach agus gearrtar cáin air dá réir.

Taispeántar sonraí cánach Thomáis thíos.

| | | |
|---|---|---|
| **ÍMAT** | | |
| 20% ar an gcéad €40,000 | 40% ar iarmhéid a ioncaim chomhláin | |
| **CREIDMHEASANNA CÁNACH** | | |
| Creidmheas Cánach Duine Aonair €1,700 | Creidmheas Cánach ÍMAT €1,700 | Creidmheas Cánach Gaoil Chleithiúnaigh €245 |
| **MSU** | | |
| 0.5% suas go dtí €12,012 | 2% ar an gcéad €9,281 eile | 4.5% ar an iarmhéid |
| **ÁSPC** | | |
| Íocann Tomás ÁSPC fostaí ar 4% dá ioncam comhlán | | |

Ríomh gach ceann díobh seo a leanas:

**(i)** An méid ÍMAT nach mór do Thomás a íoc

**(ii)** An méid iomlán MSU

**(iii)** An méid iomlán ÁSPC

**(iv)** Pá glan bliantúil Thomáis

(20)

**(C)** **(i)** Mínigh an téarma cumasú fostaithe.

**(ii)** Déan cur síos ar na tairbhí do ghnólacht a bhaineann le cumasú fostaithe. (20)

| **Ceist 8** | **Gnó i nGníomh** |
|---|---|

## EPIK Media

Déanann EPIK Media ábhar cúlra a léiriú, a scannánú agus a phacáistiú le haghaidh scannán, sraitheanna teilifíse agus imeachtaí.  D'oibrigh an gnólacht ar scannáin amhail *Jurassic Park Dominion* agus *The Banshees of Inisherin*.




**(A)** **(i)** Léirigh do thuiscint ar an téarma margadh nideoige.

**(ii)** Tabhair breac-chuntas ar **dhá** impleacht do ghnólacht ar oibriú i margadh nideoige. (15)

NETFLIX on sky

Leanfaidh an dá fhathach siamsaíochta, Netflix agus Sky, lena bpacáistí rathúla síntiúis.

**(B)** **(i)** Cuir comhghuaillíocht straitéiseach **agus** cumasc i gcontrárthacht le chéile mar mhodhanna le gnó a leathnú.

**(ii)** Déan measúnú ar thairbhe **amháin** agus ar dhúshlán **amháin** do ghnólacht as comhghuaillíocht straitéiseach a dhéanamh. (20)

**(C)** Déanann MJ Sports táirgí atá dírithe ar imreoirí Iomána agus Camógaíochta.  Tá an t-eolas a leanas tugtha ag MJ Sports faoina líne nua táirgí:

| | |
|---|---|
| Aschur Tuartha (Díolacháin) | 8,000 aonad |
| Praghas Díola in aghaidh an aonaid | €20 |
| Costais Sheasta | €40,000 |
| Costais Athraitheacha in aghaidh an aonaid | €10 |

Léirigh iad seo a leanas le cairt chóimheá:

**(i)** An pointe meá ar mheá

**(ii)** An lamháil sábháilteachta ag an aschur tuartha

**(iii)** An brabús ag an aschur tuartha. (25)

Níl aon ábhar scrúdaithe ar an leathanach seo

Ná tabhair an ceistpháipéar seo ar ais

Ardteistiméireacht 2023 – Ardleibhéal

Gnó – Roinn 2 agus Roinn 3

Déardaoin 15 Meitheamh
Maidin 9:30 – 12:30